Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9221/26**
**ADD 1**

**DELACT 88**
**PECHE 171**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2983 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>RIALACHÁN TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear agus lena gceartítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 lena bhforlíontar Rialachán(AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha i ndáil le coinsíneachtaí each-ainmhithe, táirgí geirmeacha, agus táirgí de bhunadh ainmhíoch áirithe a theacht isteach san Aontas agus a ghluaiseacht agus a láimhseáil ina dhiaidh sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2983 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 2983 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.5.2026
C(2026) 2983 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear agus lena gceartítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 lena bhforlíontar Rialachán(AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha i ndáil le coinsíneachtaí each-ainmhithe, táirgí geirmeacha, agus táirgí de bhunadh ainmhíoch áirithe a theacht isteach san Aontas agus a ghluaiseacht agus a láimhseáil ina dhiaidh sin**

## IARSCRÍBHINN

CUID A

Leasuithe ar Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692

Leasaítear Iarscríbhinní IV, XIII, XXI, agus XXVII go XXX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn IV, i gCuid C, i bpointe 2, sa ró faoi ionfhabhtú le tinneas Afracach eachaí cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

| | |
|---|---|
| 'Tinneas Afracach eachaí | - Ní dhearnadh vacsaíniú sa tríú tír thionscnaimh nó críoch tionscnaimh nó crios díobh le linn na 12 mhí roimh dháta seolta na n-ainmhithe eachaí chuig an Aontas agus ní dhearnadh iad a vacsaíniú sna 40 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas'; |

(2) in Iarscríbhinn XIII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

*'1.* ***CEANGLAIS ÍOSTA MAIDIR LE CLÁIR VACSAÍNITHE ARNA nDÉANAMH I dTRÍÚ TÍR NÓ I gCRÍOCH NÓ I gCRIOS DÍOBH***

Ní mór go gcuimseoidh cláir vacsaínithe in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh i dtríú tír nó críoch, an fhaisnéis seo a leanas:

(1) tuairisc ar na cúiseanna leis an gcinneadh tús a chur leis an vacsaíniú;

(2) sonraí faoi éabhlóid eipidéimeolaíoch an ghalair, lena n-áirítear ráigeanna roimhe sin in éanlaith chlóis nó in éin fhiáine;

(3) príomhchuspóirí na straitéise vacsaínithe, an pobal éan agus an limistéar a roghnaíodh;

(4) measúnú riosca bunaithe ar na gnéithe seo a leanas:

– ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach laistigh den tríú tír nó críoch sin nó i gcrios díobh,

– ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i dtír nó críoch comharsanach nó i gcrios díobh,

– fachtóirí riosca eile cosúil le limistéir áirithe, cineál feirmeoireachta éanlaithe clóis nó catagóirí éanlaithe clóis nó éan i mbraighdeanas;

(5) tuairisc ar an limistéar geografach, lena n-áirítear mapaí, ina ndéantar vacsaíniú;

(6) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin i mbraighdeanas i limistéar an vacsaínithe;

(7) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin i mbraighdeanas i limistéar an vacsaínithe murab ionann sin agus an líon dá dtagraítear i bpointe 6;

(8) na speicis agus catagóirí éanlaithe clóis nó éan i mbraighdeanas atá díolmhaithe ón vacsaíniú agus an réasúnaíocht faoin díolúine sin;

(9) na speicis agus catagóirí éanlaithe clóis nó éan i mbraighdeanas sa limistéar geografach ina ndéantar vacsaíniú;

(10) an líon garbh éanlaithe clóis nó éan i mbraighdeanas sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe 7;

(11) achoimre ar ghnéithe na vacsaíne, lena n-áirítear ainm an táirge/na dtáirgí agus ainm an mhonaróra/na monaróirí, bealaí a dáilte, údarú agus rialú na cáilíochta agus ráthaíochtaí nach bhfuil beo-víreas an fhliú éanúil sa vacsaín, bíodh sin mar bheo-víreas caolaithe nó ná bíodh;

(12) láimhseáil, stóráil, soláthar, dáileadh agus díol na vacsaíní fliú éanúil ar an gcríoch náisiúnta;

(13) straitéis chun Idirdhealú a dhéanamh idir Ainmhithe Ionfhabhtaithe agus Vacsaínithe (vacsaíniú DIVA) a chur i bhfeidhm;

(14) fad beartaithe an chláir vacsaínithe;

(15) an úsáid deiridh atá beartaithe don éanlaith chlóis nó na héin i mbraighdeanas atá vacsaínithe, agus do tháirgí díobh freisin. Agus uibheacha goir atá vacsaínithe á gcur san áireamh freisin, más ábhartha;

(16) na forálacha agus srianta i leith gluaiseachtaí na héanlaithe clóis nó na n-éan i mbraighdeanas atá vacsaínithe agus táirgí díobh freisin. Agus uibheacha goir atá vacsaínithe á gcur san áireamh freisin, más ábhartha;

(17) tástálacha cliniciúla agus saotharlainne, cosúil le tástáil éifeachtachta agus réamhghluaiseachta, a dhéantar sna bunaíochtaí atá vacsaínithe nó atá lonnaithe i limistéar an vacsaínithe;

(18) an córas coimeádta taifead maidir leis an vacsaíniú.';

(3) in Iarscríbhinn XXI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2(c)(i):

'(i) an uimhir sainaitheantais aonair mar a thaispeántar sin ar thrasfhreagróir leictreonach nó ar thatú an mhadra, an chait nó an fhiréid;';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinní XXVII, XXVIII agus XXIX:

*'IARSCRÍBHINN XXVII*

**CÓIREÁLACHA MAOLAITHE RIOSCA DO BHAINNE AGUS TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA**

| | **A** | **B** |
|---|---|---|
| **Speicis tionscnaimh an bhainne agus na dtáirgí déiríochta** | ***Bos taurus, Ovis aries, Capra hircus, Bubalus bubalis* agus *Camelus dromedarius*** | **Seachas *Bos taurus, Ovis aries, Capra hircus, Bubalus bubalis* agus *Camelus dromedarius*** |
| **Stádas sláinte ainmhithe an tríú tír** | **1. Tríú tíortha nach bhfuil saor go hoifigiúil ón ngalar crúb agus béil (GCB) le 12 mhí roimhe sin**<br>**2. Tríú tíortha nach ndéantar vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb agus béil iontu** | **Ceann ar bith** |
| Cóireáil teasa, is é sin próiseas steirilithe, chun íosluach $F_0$ de 3 a bhaint amach | Rinne | Rinne |
| Cóireáil teasa Teocht Ultra-Ard (UHT) ag 132 °C ar a laghad ar feadh soicind amháin ar a laghad | Rinne | Rinne |

| | | |
|---|---|---|
| Cóireáil teasa paistéaradh ardteochta gearrthréimhse (paistéaradh HTST) ag 72°C ar a laghad ar feadh 15 shoicind ar a laghad agus a dhéantar faoi dhó ar bhainne a bhfuil a luach pH ar comhchéim nó níos mó ná 7,0 | Rinne | Ní dhearna |
| Cóireáil teasa paistéaradh ardteochta gearrthréimhse (paistéaradh HTST) ag 72°C ar a laghad ar feadh 15 shoicind ar a laghad déanta ar bhainne a bhfuil a luach pH faoi bhun 7,0 | Rinne | Ní dhearna |
| Cóireáil teasa paistéaradh HTST ag 72 °C ar a laghad in éineacht le cóireáil fhisiceach chun luach pH faoi bhun 6 a bhaint amach ar feadh uair an chloig ar a laghad | Rinne | Ní dhearna |
| An chóireáil teasa paistéaradh HTST ag 72 °C ar a laghad in éineacht le triomú | Rinne | Ní dhearna |
| Ní dhearna: ní cheadaítear an chóireáil<br>Rinne: cóireáil inghlactha | | |

*IARSCRÍBHINN XXVIII*

## CÓIREÁLACHA MAOLAITHE RIOSCA DO THÁIRGÍ UIBHE

### *1. CÓIREÁIL TÁIRGÍ UIBHE CHUN AN FLIÚ ÉANÚIL ARDPHATAIGINEACH A DHÍGHNÍOMHÚ*

Tá na cóireálacha seo a leanas oiriúnach chun an fliú éanúil ardphataigineach a díghníomhú sna táirgí uibhe seo a leanas:

| **Táirge uibhe** | **Cóireáil teasa (lena mbaineann teochtaí ag croílár an táirge ag an luach sonraithe ar a laghad ar feadh íosmhéid na tréimhse a shonraítear)** | |
|---|---|---|
| | **Lár-theocht**<br>**(i gcéimeanna Celsius ( °C))** | **Fad na cóireála**<br>**(i soicindí (s) nó in uaireanta (uair))** |
| Gealacán uibhe leachtach | 55.6 °C | 870 s |
| | 56.7 °C | 232 s |
| Buíocán saillte 10 % | 62.2 °C | 138 s |
| Buíocán uibhe pléineáilte nó íon | 60 °C | 288 s |
| Gealacán uibhe triomaithe | 67 °C | 20 uair |
| | 54.4 °C | 513 uair |
| Uibheacha iomlána | 60 °C | 188 s |
| | rinneadh iad a chócaráil go hiomlán | |
| Cumaisc uibheacha iomlána | 60 °C | 188 s |
| | 61.1 °C | 94 s |

| | |
|---|---|
| | rinneadh iad a chócaráil go hiomlán |

2. *CÓIREÁIL TÁIRGÍ UIBHE CHUN IONFHABHTÚ LE VÍREAS GHALAR NEWCASTLE A DHÍGHNÍOMHÚ*

Tá na cóireálacha seo a leanas oiriúnach chun ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle a dhí-ghníomhú sna táirgí uibhe seo a leanas:

| **Táirge uibhe** | **Cóireáil teasa (lena mbaineann teochtaí ag croílár an táirge ag an luach sonraithe ar a laghad ar feadh íosmhéid na tréimhse a shonraítear)** | |
|---|---|---|
| | **Lár-theocht**<br>**(i gcéimeanna Celsius (°C))** | **Fad na cóireála**<br>**(i soicindí (s), nóiméid (nóim) nó in uaireanta (uair))** |
| Gealacán uibhe leachtach | 55 °C | 2 278 s |
| | 57 °C | 986 s |
| | 59 °C | 301 s |
| Buíocán saillte 10 % | 55 °C | 176 s |
| Buíocán uibhe pléineáilte nó íon | 61.1 °C | 3 nóim agus 30 s |
| | 60 °C | 6 nóim agus 12 s |
| Gealacán uibhe triomaithe | 57 °C | 50 uair agus 24 nóim |
| Ubh threisithe | 62.2 °C | 3 nóim agus 30 s |
| | 61.1 °C | 6 nóim agus 12 s |
| Ubh shiúcraithe/shaillte | 63.3 °C | 3 nóim agus 30 s |
| | 62.2 °C | 6 nóim agus 12 s |
| Uibheacha iomlána | 55 °C | 2 521 s |
| | 57 °C | 1 596 s |
| | 59 °C | 674 s |
| | rinneadh iad a chócaráil go hiomlán | |

*IARSCRÍBHINN XXIX*

**LIOSTA DE SPEICIS AINMHITHE UISCEACHA ATÁ SOGHABHÁLACH I LEITH GALAIR A BHFUIL BEARTA NÁISIÚNTA AG BALLSTÁIT I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAL 226 DE RIALACHÁN (AE) 2016/429**

| **Galar** | **Speicis shoghabhálacha** |
|---|---|
| Galar víris | Mar a liostaítear i gcolún 3 sa tábla den Iarscríbhinn a ghabhann le |

| | |
|---|---|
| heirpéis koi | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 |
| Víréime earraigh carbáin | *Abramis brama, Aristichthys nobilis, Carassius auratus, Ctenopharyngodon idella, Cyprinus carpio, Cyprinus carpio koi, Cyprinus rubrofuscus, Danio rerio, Notemingonus crysoleucas, Percocypris pingi, Pimephales promelas, Rutilus kutum, Rutilus rutilus, Silurus glanis* |
| Galar baictéarach duáin | *Anoplopoma fimbria, Lota lota, Notropis cornutus, Onchorhynchus clarkii, Oncorhyncus gorbuscha, Oncorhynchus keta, Oncorhynchus kisutch, Oncorhynchus mykiss, Oncorhynchus nerka, Oncorhynchus tshawytscha, Pimephales promelas, Plecoglossus altivelis, Salvelinus alpinus, Salvelinus fontinalis, Salvelinus namaycush, Salmo salar, Salmo trutta, Thymallus thymallus* |
| Neacróis phaincréasach thógálach | *Anarhichas minor, Anguilla anguilla, Anguilla japonica, Brevoortia tyrannus, Channa striata, Coregonus lavaretus, Ctenolabrus rupestris, Danio rerio, Dicentrarchus labrax, Esox lucius, Gadus morhua, Hippoglossus hippoglossus, Limanda limanda, Morone saxatilis, Merluccius merluccius, Microstomus kitt, Oncorhynchus clarkii, Oncorhynchus gorbuscha, Oncorhynchus keta, Oncorhynchus kisutch, Oncorhynchus mykiss, Oncorhynchus rhodurus, Oncorhynchus tshawytscha, Pleuronectes platessa, Scophthalmus maximus, Salmo salar, Salmo trutta, Salvelinus alpinus, Salvelinus fontinalis, Salvelinus namaycush* |
| Ionfhabhtú le *Gyrodactylus salaris* | *Oncorhynchus mykiss*, *Salmo trutta, Salmo salar*, *Salvelinus alpinus*, *Salvelinus fontinalis*, *Salvelinus namaycush, Thymallus thymallus* |
| Ionfhabhtú le halfa-víreas salmainide | *Limanda limanda, Oncorhynchus mykiss*, *Salmo salar*, *Salvelinus alpinus*'; |

(5) in Iarscríbhinn XXX, sa ró faoi ionfhabhtú le *Mikrocytos mackini* cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

| | | |
|---|---|---|
| 'Ionfhabhtú le *Microcytos mackini* | Mar a liostaítear i gcolún 4 sa tábla den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 | Meastar gur veicteoirí de *Mikrocytos mackini* iad nuair a bhíonn siad i dteagmháil le speicis a liostaítear i gcolún 3 sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, bíodh sin mar gheall ar ghnáthóg chomhchoitinn nó tríd an soláthar uisce.'. |

CUID B

Ceartúchán ar Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692

In Iarscríbhinn IV, sa ró faoi ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (Fothach) cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

| | |
|---|---|
| 'Ionfhabhtú le *Burkholderia mallei* (Fothach) | (a) níor tuairiscíodh an galar sa bhunaíocht tionscnaimh le linn na tréimhse 6 mhí roimh dháta an tseolta chuig an Aontas;<br>(b) aithníonn an Coimisiún an clár faireacháin a leanadh chun neamhláithreacht ionfhabhtaithe sa bhunaíocht tionscnaimh le linn na tréimhse 6 mhí sin a thaispeáint.'. |